Topaic 12: Laethanta Saoire agus Taisteal

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:

12.1	~ ceist a chur ar dhuine an raibh sé/sí ar laethanta saoire agus an cheist sin a fhreagairt
12.2	~ fiafraí de dhuine cén áit a raibh sé/sí ar saoire agus an cheist sin a fhreagairt
12.3	~ eolas a lorg agus a thabhairt faoi lóistín
12.4	~ eolas a lorg agus a thabhairt faoin aimsir
12.5	~ fiafraí de dhuine cé a bhí leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt
12.6	~ tuairimí a lorg agus a thabhairt faoin áit

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

- An aimsir chaite den bhriathar: ***d'fhan, thaitin, d'ith, d'ól***
- Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite: ***ar fhan…?, ar thaitin...?,an raibh...?***
- Na réamhfhocail i agus sa: ***i gCeanada, sa Fhrainc***
- Aidiachtaí: ***deas, cairdiúil, saor, daor***
- Na réimíreanna ***an*** agus ***ró-: an-fhliuch, róthe***

Stór focal:

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

Tíortha: ***Meiriceá, Ceanada, Sasana, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil***
An aimsir: ***fuar, te, fliuch, scamallach, sneachta (trom)***
Cineálacha lóistín: ***óstán, árasán, brú, carbhán, puball, teach lóistín***
Pointí ama: ***seachtain, coicís, mí***

Beidh an foghlaimeoir ábalta…

Labhairt	Beidh an foghlaimeoir in ann ceisteanna simplí a chur ar dhaoine faoi laethanta saoire. Beidh sé/sí in ann ceisteanna a chur agus cur síos an-simplí a thabhairt faoin áit, an aimsir, an bia agus na daoine.
Cluastuiscint	Tuigfidh an foghlaimeoir ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann le laethanta saoire.
Léamhthuiscint	Beidh na foghlaimeoirí in ann na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le laethanta saoire a aithint. Beidh siad in ann cur síos an-simplí ar laethanta saoire a thuiscint mar shampla, cuntas dialainne.
Scríbhneoireacht	Beidh na foghlaimeoirí in ann frásaí an-simplí a scríobh a bhaineann le laethanta saoire a bhí acu. Mar shampla,cuntas dialainne a bhfuil cúpla abairt ann.

© Of Má Nuad

12.1 Ceist a chur ar dhuine an raibh sé/sí ar laethanta saoire agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Léirigh an struchtúr thíos do na foghlaimeoirí:

An raibh	*tú*	*ar laethanta saoire*	*i mbliana?*	*Bhí*
An raibh	*Seán*	*ar laethanta saoire*	*i mbliana?*	*Ní raibh*

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus iarr orthu an struchtúr thuas a chleachtadh mar seo a leanas:

  Foghlaimeoir 1: *An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana*?
  Foghlaimeoir 2: *Ní raibh. An raibh tusa/tú féin ar laethanta saoire i mbliana?*
  Foghlaimeoir 1*:* *Ní raibh.*

(B) Abair leo ansin go mbeidh sibh ag dul siar ar na tíortha a d'fhoghlaim siad níos luaithe sa chúrsa.

- Bíodh cóip déanta agat de **Bhileog 12.1 (B): Tíortha** le cur ar an osteilgeoir. Is ionann an bhileog seo agus an ceann a tugadh do na foghlaimeoirí i dTopaic 2.
- Cuir ag obair i mbeirteanna iad agus iarr orthu iarracht a dhéanamh cuimhneamh ar ainmneacha na dtíortha atá léirithe ar an bhileog. Seo na tíortha atá i gceist: *Éire, Meiriceá, An Fhrainc, Sasana, An Spáinn, An Iodáil, An Pholainn, An tSín, An Aifric Theas.*
- Cuir ceist orthu an raibh duine ar bith i dtír ar bith ar saoire i mbliana nó le cúpla bliain anuas. Scríobh ainmneacha na dtíortha sin ar an chlár.

(C) Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh súil siar ar conas a rá cén tír a raibh sé/sí inti ar saoire.

Gníomhaíocht 12.1 (C): Gramadach

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.1 (C): Cúrsaí gramadaí** do gach foghlaimeoir.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige faoi Chuid A leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é atá le déanamh.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, déan thusa na haistriúcháin a phlé leis an rang ar fad.
- Anois, iarr orthu Cuid B den bhileog a phlé leis an duine in aice leo. Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh na tíortha go léir atá cosúil le chéile ó thaobh na gramadaí anseo a rangú.
- Anois, iarr orthu na rialacha a bhaineann le gach rannóg a sholáthar duit. Seo an t-eolas atá á lorg agat:

© OE Mhá Nuad

Rannóg 1: An Fhrainc, An Spáinn, An Ghearmáin, An Pholainn (*sa* + séimhiú, más féidir)
Rannóg 2 An Iodáil, An Afraic Theas (*san* mar tosaíonn ainm na tíre le guta)
Rannóg 3: Ceanada, Meiriceá, Sasana (*i* + urú, más féidir)
Rannóg 4: Albain (*in* + urú mar tosaíonn ainm na tíre le guta)

- Déan aon cheisteanna a bheidh acu faoin mhéid seo a phlé leo ach ná caith an iomarca ama air.
- Déan cleachtadh cainte le roinnt de na foghlaimeoirí anois.

Sampla:
Múinteoir: *An raibh tú ar saoire i mbliana?*
Foghlaimeoir 1: *Bhí. Bhí mé sa Spáinn.*

Múinteoir: *An raibh tusa ar saoire i mbliana?*
Foghlaimeoir 2: *Ní raibh ach bhí mé san Iodáil an bhliain seo caite.*

- Nuair a bheidh freagra tugtha ag an dara foghlaimeoir, iarr air/uirthi an cheist a chur ar an chéad duine eile agus lean ar aghaidh mar sin go dtí go mbeidh ceist curtha agus freagra tugtha ag gach foghlaimeoir sa rang.

(D) Cuir an t-eolas seo a leanas i láthair na bhfoghlaimeoirí:

Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc / an Spáinn / An Iodáil.
Tá mé ag dul go Meiriceá / Ceanada / Sasana.
Tá mé ag dul go hAlbain.

- Cuir ceist ar na foghlaimeoirí cad a thugann siad faoi deara faoi úsáid *go* agus *go dtí* sna samplaí thuas.

- Déan cinnte go dtuigeann siad go n-úsáidtear *go* roimh ainmneacha tíortha nach bhfuil an t-alt leo (mar shampla, *Meiriceá/Ceanada*) agus go *dtí* nuair a bhíonn an t-alt in úsáid in ainm na tíre (mar shampla, *An Fhrainc, An Spáinn*). Mínigh go gcuirtear *h* roimh ainm tíre nach mbíonn an t-alt leis ach a thosaíonn le guta (*Albain*).

(E) Gníomhaíocht: Caint

- Déan cóip de **Bhileog 12.1 (B): Tíortha** agus gearr amach na cártaí difriúla a bhfuil pictiúir nó siombail orthu (9 gcinn ar fad).
- Roinn an rang ina dhá leath. Tabhair ‘Grúpa A’ ar ghrúpa amháin agus ‘Grúpa B’ ar an ghrúpa eile.
- Tabhair ceann de na cártaí do gach foghlaimeoir i nGrúpa B ar dtús. (Ná tabhair cártaí ar bith do Ghrúpa A go fóill).

© Oé Má Nuad

- Abair leo go mbeidh tú ag iarraidh ar na foghlaimeoirí i nGrúpa A siúl anonn chuig Grúpa B agus an cheist *'An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana'* a chur ar thriúr foghlaimeoirí i nGrúpa B.
- Mínigh gur mhaith leat go ndéarfadh na foghlaimeoirí i nGrúpa B nach raibh – go bhfuil siad ag dul go dtí an tír atá léirithe ar a gcárta an mhí seo chugainn. Mar shampla:

  Foghlaimeoir ó Ghrúpa A: *An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana*?
  Foghlaimeoir ó Ghrúpa B: *Ní raibh. Tá mé ag dul go Meiriceá an mhí seo chugainn.*

- Nuair a bheidh na ceisteanna curtha ag gach foghlaimeoir as Grúpa A ar thriúr as Grúpa B, tabhair cárta eile do gach foghlaimeoir i nGrúpa A agus iarr ansin ar Ghrúpa B dul anonn agus ceisteanna a chur ar dhaoine i nGrúpa A. Mar shampla:

  Foghlaimeoir ó Ghrúpa B*: An raibh (tusa) ar laethanta saoire i mbliana?*
  Foghlaimeoir ó Ghrúpa A*: Ní raibh. Tá mé ag dul go dtí an Fhrainc an mhí seo chugainn.*

12.2 Fiafraí de dhuine cén áit a raibh sé/sí ar saoire agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Cuir na habairtí seo a leanas i láthair na bhfoghlaimeoirí:

Cén áit a raibh tú ar saoire?

Chaith mé	*coicís*	*sa Spáinn.*
	seachtain	*i Meiriceá.*
	deireadh seachtaine fada	*i Londain.*
	mí	*san Iodáil.*

(B) Cuir an cheist *Cén áit a raibh tú ar saoire?* ar roinnt de na foghlaimeoirí agus iarr orthu an tréimhse ama a chaith siad san áit a insint duit.

12.3 Eolas a lorg agus a thabhairt faoi lóistín

(A) Mínigh agus múin an cheist:

Cén cineál lóistín a bhí agat?

(B) Mínigh agus múin:

D'fhan mé in óstán.

- Mínigh gurb é an briathar *fan* atá i gceist anseo agus go mbíonn sé scríofa mar sin *fan* san fhoclóir agus gurb í an aimsir chaite atá i gceist anseo. Cuir ceist orthu faoin

© OÉ Má Nuad

liosta a thabhairt duit de bhriathra san aimsir chaite atá feicthe acu sa chúrsa go dtí seo *ghortaigh mé, bhris mé* agus araile.

- Cuir na cineálacha seo lóistín i láthair na bhfoghlaimeoirí agus déan cleachtadh orthu ar feadh tamaill.

D'fhanamar in	*óstán.*
	árasán.
D'fhan mé i	*mbrú.*
	gcarbhán.
	dteach lóistín.

- Cuir ceisteanna mar seo a leanas ar roinnt de na foghlaimeoirí:

  Nuair a bhí tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite, cén cineál lóistín a bhí agat?

(C) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.3 (C): Cén cineál lóistín?** do gach duine de na foghlaimeoirí agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le cúigear ag caint faoin lóistín a bhí acu agus iad ar a laethanta saoire.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin. Iarr ar na foghlaimeoirí freagraí mar seo a thabhairt:

  D'fhan Séamas i(n)…
  D'fhan Daithí i(n)…

12.4 Eolas a lorg agus a thabhairt faoin aimsir

(A) Múin an cheist seo a leanas nó cibé leagan atá oiriúnach don rang:

Cad é mar a bhí an aimsir?

(B) Tabhair cóip de **Bhileog 12.4 (B): An Aimsir** do gach duine sa rang agus iarr orthu gach abairt a rá i do dhiaidh agus tú ag dul tríd na pictiúir.

(a) Bhí sé te.
(b) Bhí sé fuar.
(c) Bhí sé fliuch.
(d) Bhí sé gaofar.
(e) Bhí sé scamallach.
(f) Bhí sé grianmhar.
(g) Bhí sé ag cur báistí.
(h) Bhí sé ag cur sneachta.
(i) Bhí an aimsir go hálainn.
(j) Bhí an aimsir go dona.

- Déan athrá ar na habairtí seo ar feadh cúpla nóiméad. Cuir cúpla ceist mar seo a leanas ar na foghlaimeoirí:

© OE Má Nuad

Cad é mar atá an aimsir inniu?
Cad é mar a bhí an aimsir inné/an deireadh seachtaine seo caite?

- Anois, cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna agus iarr orthu sealanna a ghlacadh ag cur na gceisteanna ar a chéile faoin aimsir a bhí acu ar laethanta saoire. Mar shampla:

  Foghlaimeoir A: *Cad é mar a bhí an aimsir in Albain?*
  Foghlaimeoir B: *Bhí sé ag cur sneachta an t-am ar fad.*
  Foghlaimeoir B: *Cad é mar a bhí an aimsir sa Spáinn?*
  Foghlaimeoir A: *Bhí sé grianmhar.*

(C) Cuir an tábla seo thíos ar an chlár roimh thús an ranga nó bíodh sé réidh ar thréshoilseán agat.

-6º	**-0º**	**+6º**	**24º**	**35º**	**41º**
rófhuar	**an-fhuar**	**Fuar**	**Te**	**an-te**	**róthe**

- Scríobh cúpla teocht ar an chlár agus cuir ceist ar roinnt foghlaimeoirí *Cad é mar a bhí an aimsir?* Mar shampla, má scríobhann tú 31º, ba cheart don fhoghlaimeoir freagra mar seo a thabhairt ort *Bhí sé an-te.*

(D) Gníomhaíocht: Caint

- Scríobh an méid seo a leanas ar an chlár agus déan cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí iad**:**

  maidin inniu *inné* *arú inné*
  an deireadh seachtaine seo caite

- Cuir i ngrúpaí de thriúr iad agus iarr orthu ceisteanna mar seo leanas a chur ar a chéile:

  Ceist:*Cad é mar a bhí an aimsir anseo maidin inniu?*
  Freagra: *Bhí sé te agus grianmhar.*

  Ceist:*Cad é mar a bhí an aimsir anseo inné?*
  Freagra*:* *Bhí sé an-fhuar agus gaofar.*

- Nuair a bheidh siad críochnaithe, cuir na ceisteanna ar dhaoine éagsúla sa rang agus déan cibé ceartúchán is gá.

(E) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

© OE Má Nuad

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.4 (E): An aimsir ar fud an domhain** do na foghlaimeoirí.
- Seiceáil go dtuigeann siad na siombail aimsire ag bun na bileoige agus go dtuigeann siad an sórt aimsire atá i gceist leis na teochtaí éagsúla ag bun na bileoige. Mar shampla: *35º = an-te*
- Iarr orthu éisteacht leis an chur síos ar an aimsir i gcathracha éagsúla sa domhan agus an chathair a mheaitseáil leis an aimsir a bhí inti.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla a rá leat cad é mar a bhí an aimsir sna bailte éagsúla.

12.5 Fiafraí de dhuine cé a bhí leis/léi agus an cheist sin a fhreagairt

(A) Mínigh agus múin an cheist seo leanas don rang:

Cé a bhí leat?

(B) Iarr ar an rang smaoineamh ar na focail a bhaineann le gaolta agus cairde a d'fhoghlaim siad go dtí seo, agus fiafraigh díobh an bhféadfadh siad an cheist sin a fhreagairt.

- Éist lena dtuairimí agus ansin téigh siar ar an méid seo leanas:

mo mhac	*m'iníon*
m'athair	*mo mháthair*
mo dhearthár	*mo dheirfiúr*
m'fhear céile	*mo bhean chéile*

mo thuismitheoirí
mo pháirtí
mo theaghlach
mo chlann (= páistí)
mo chara
mo chairde

- Anois, cuir an cheist ar roinnt de na foghlaimeoirí:

Nuair a bhí tú ar laethanta saoire, cé a bhí leat?

12.6 Tuairimí a lorg agus a thabhairt faoin áit

© Ó Tá Mac Nuad

(A) Mínigh don rang go mbeidh tú ag múineadh dóibh conas tuairimí a lorg agus a thabhairt faoin áit a raibh siad ar saoire.

- Mínigh agus múin an cheist seo leanas agus na freagraí ar an cheist sin:

Ar thaitin an áit leat? *Thaitin*
Níor thaitin

- Déan cleachtadh ar an cheist agus na freagraí sin. Cuir an cheist ar fhoghlaimeoir amháin, lig dó freagra a thabhairt agus ansin iarr air an cheist a chur ar an chéad duine eile agus ar aghaidh mar sin go dtí go mbíonn seans faighte ag gach duine sa rang an cheist a chur agus a fhreagairt.

(B) Cuir an cheist agus na freagraí seo leanas ar an chlár nó bíodh siad ullmhaithe agat ar thréshoilseán:

Ar thaitin an áit leat? *Thaitin*
Níor thaitin

- Iarr orthu féachaint ar an chlár agus iarr tuairimí orthu faoin riail maidir le ceisteanna a chur san Aimsir Chaite.
- Éist lena dtuairimí agus ansin mínigh an méid seo leanas agus scríobh ar an chlár é nó taispeáin ar an osteilgeoir é.

Ar +	***séimhiú ar an bhriathar***	
fan	*Ar fhan tú i…*	*D'fhan/Níor fhan.*
taitin	*Ar thaitin an áit leat?*	*Thaitin/Níor thaitin.*
cas	*Ar chas tú le…?*	*Chas/Níor chas.*
ól	*Ar ól tú…?*	*D'ól/Níor ól.*
ith	*Ar ith tú…?*	*D'ith/Níor ith.*

- Mínigh gur mar seo a chuirtear ceist san Aimsir Chaite i gcás formhór na mbriathra sa Ghaeilge. Inis dóibh go bhfuil roinnt briathra neamhrialta ann agus go bhfuil ceann amháin feicthe acu cheanna féin.

An raibh tú sa Spáinn? *Bhí/Ní raibh.*

(C) Mínigh agus múin na haidiachtaí seo leanas dóibh. Tá roinnt acu feicthe acu cheana féin sa chúrsa.

deas	*cairdiúil*
álainn	*te*
saor	*daor*
fuar	*fliuch*

(D) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

© OLMá Nuad

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna. Scríobh an méid seo a leanas ar an chairt agus iarr orthu abairt a scríobh faoi gach ceann de na rudaí seo a leanas ag úsáid na n-aidiachtaí ar dheis. Mar shampla: *Bhí na daoine cairdiúil.*

na daoine	*deas*	*cairdiúil*
an áit	*álainn*	*te*
an bia	*saor*	*daor*
an aimsir	*fuar*	*fliuch*

- Éist lena gcuid abairtí ansin agus déan cibé ceartúchán is gá.

(E) Gníomhaíocht: Caint

- Bíodh cóipeanna déanta agat de **Bhileog 12. 6(E) Mo laethanta saoire** agus déan cinnte go bhfuil rólchárta do gach duine sa rang.
- Cuir ag obair i ngrúpaí de sheisear iad agus tabhair ceann de na Rólchártaí (1-6) do gach duine acu. Abair leo go bhfuil eolas faoi laethanta saoire a bhí acu ar an rólchárta. Ba cheart do gach duine ceisteanna a chur ar thriúr eile sa ghrúpa agus na ceisteanna a chuireann an triúr eile sin orthu a fhreagairt.
- Ba cheart duit an comhrá a léiriú le duine maith de na foghlaimeoirí sula dtosaíonn na foghlaimeoirí iad féin ar an ghníomhaíocht: Féach an sampla thíos. Má cheapann tú go bhfuil breis cleachtaidh ag teastáil uathu, d'fhéadfá an comhrá thíos a chur ar thréshoilseán agus cleachtadh a dhéanamh air sula dtosaíonn siad féin ag caint.

1: An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana?
2: Bhí. Bhí mé sa Spáinn.
1: Ó go deas. Cé a bhí leat?
2: Mo bhean chéile, Síle.
1: Agus cén cineál lóistín a bhí agaibh?
2: D'fhanamar in óstán.
1: Cad é mar a bhí an aimsir ansin?
2: Bhí sé go hálainn / bhí sé go deas / bhí sé grianmhar…
1: Agus cad é mar a bhí an bia?
2: O bhí sé go deas / thaitin sé go mór liom.
1: Agus cad é mar a bhí na daoine?
2: Bhí siad an-deas / an –chairdiúil.

- Nuair a bheidh na foghlaimeoirí críochnaithe, iarr ar roinnt daoine an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga. Déan nóta d'aon bhotúin mhóra agus déan iad a phlé leis an rang ar fad ag deireadh na gníomhaíochta.

© CEMÉ Nuad

(F) Gníomhaíocht: Caint

- Tabhair **Bileog 12.6 (F): Cum ceist**, do na foghlaimeoirí.
- Abair leo go gcaithfidh siad ceist a chumadh do gach freagra sna boscaí.
- Léirigh an ghníomhaíocht trí uimhir cúpla bosca a léamh amach agus iarraidh ar fhoghlaimeoirí éagsúla ceist a chumadh. Mar shampla:

  Bosca 1: Ceist: *Ar thaitin an áit leat?*
  Freagra: *Thaitin.*

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna.
- Iarr ar gach beirt, sealanna a thógáil ag cumadh ceisteanna don chuid eile de na boscaí.
- Le linn dóibh a bheith i mbun na gníomhaíochta téigh timpeall an tseomra agus déan nóta de chuid de na príomhdheacrachtaí a bhíonn acu.
- Nuair a bhíonn siad críochnaithe, ceartaigh an ghníomhaíocht trí iarraidh ar dhaoine éagsúla na ceisteanna a chumadh.
- Déan athbhreithniú ar aon rud a raibh deacrachtaí ag na foghlaimeoirí leis.

(G) Gníomhaíocht: Cluastuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.6 (G): Ar thaitin an tsaoire leo?** do gach foghlaimeoir.
- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é go díreach atá le déanamh acu.
- Lig dóibh éisteacht leis na míreanna uair nó dhó agus ceartaigh an ghníomhaíocht ansin.

(H) Gníomhaíocht: Cluastuiscint agus Léamhthuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.6 (H): An freagra is fearr** do gach duine sa rang agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, déan an ghníomhaíocht a cheartú.
- Ansin, cuir i mbeirteanna iad agus iarr orthu iarracht a dhéanamh na ceisteanna a cuireadh a scríobh in aice leis an fhreagra ceart.
- Ceartaigh a gcuid iarrachtaí.

(I) Gníomhaíocht: Cluastuiscint agus léamhthuiscint

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.6 (I), Cé a dúirt é?** do gach duine sa rang.

© OLMa Nua

- Léigh na treoracha ag barr na bileoige leo agus tabhair seans dóibh éisteacht leis na míreanna ar an dlúthdhiosca uair nó dhó.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin.

(J) Gníomhaíocht: Léamhthuiscint agus gramadach

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh sa rang nó a thabhairt dóibh mar obair bhaile.

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.6 (J) Cárta poist** do gach duine sa rang.
- Iarr orthu na bearnaí a líonadh le focal nó focail oiriúnacha as A, B, C nó D.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin – lig do na foghlaimeoirí na freagraí a thabhairt.

(K) Gníomhaíocht: Foghraíocht

- Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag déanamh cleachtadh foghraíochta agus go mbeidh siad ag díriú ar na fuaimeanna ‘t’ séimhithe.
- Scríobh seo a leanas ar an chlár.

    1. *Thaitin*
    2. *Te*
    3. *Róthe*
    4. *Téann*
    5. *Ní théann*
    6. *Tosaíonn*
    7. *Ní thosaíonn*

- Abair leo go ndéarfaidh tusa na focail thuas nó go gcloisfidh siad ar an dlúthdhiosca iad (***CUID A***). Iarr orthu éisteacht go háirithe leis na fuaimeanna ‘th’ agus tú á rá.
- Iarr orthu ansin na focail agus na fuaimeanna thuas a rá i do dhiaidh.
- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca anois agus iarr orthu éisteacht leis na focail sin ar an dlúthdhiosca agus ansin le habairtí a bhfuil an fhuaim sin iontu.
- Seinn an dlúthdhiosca (***CUID B***) nó abair na habairtí thíos:

    1. *Thaitin an áit liom.*
    2. *Bhí sé te.*
    3. *Bhí sé róthe.*
    4. *Téann sé ag snámh gach lá.*
    5. *Ní théann sé ag siúl rómhinic.*
    6. *Tosaíonn an dioscó ar a deich.*
    7. *Ní thosaíonn an seisiún go dtí a haon déag.*

© OÉ Má Nuad

- Abair leo go seinnfidh tú an dlúthdhiosca arís agus go stopfaidh tú é i ndiaidh gach abairte agus gur mhaith leat iad gach abairt a rá i ndiaidh í a chloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Nuair a bheidh an dlúthdhiosca seinnte agat uair amháin agus athrá déanta acu mar ghrúpa uair amháin, seinn an dlúthdhiosca arís ach an t-am seo, iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla an abairt a rá a dúradh ar an dlúthdhiosca.
- Éist leo agus déan cibé athchleachtadh is gá sula gcuirfidh tú deireadh leis an ghníomhaíocht.

(L) Gníomhaíocht: Scríbhneoireacht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh sa rang nó a thabhairt dóibh mar obair bhaile.

- Tabhair cóip de **Bhileog 12.6 (L): Dialann Lorcáin** do gach foghlaimeoir agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo.
- Iarr orthu na bearnaí a líonadh ina n-aonar ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe, ba cheart dóibh a gcuid freagraí a phlé leis an duine in aice leo.
- Ansin, déan thusa na focail a phlé leo. Má mholann duine focal atá mícheart – cuir ceist ar na foghlaimeoirí eile míniú a thabhairt ar cén fáth a bhfuil sé mícheart agus lig dóibh rogha eile a mholadh.

© OÉ Má Nuad